# Tuarascáil Bhliantúil

# 2018

Health Research Board

Taighde.
Fianaise.
Gníomhú.

**Arna fhoilsiú ag:**

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath


© An Bord Taighde Sláinte 2018
ISSN: 0791 220X

**Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó**:
An Bord Taighde Sláinte
Teach Grattan
67–72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 H638
Éire

**t**: 353 1 234 5000
**f**: 353 1 661 2335
**r**: hrb@hrb.ie
**sg**: www.hrb.ie

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh | **4** |
| Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2018 | **7** |
| Príomhspriocanna insroichte i gcomhréir le straitéis BTS 2016 - 2020 | **12** |
| Aguisín A – Liosta fhoilseachán an BTS in 2018 | **35** |
| Aguisín B – Liosta de dhámhachtainí BTS arna dtabhairt in 2018 – do Phríomhimscrúdaitheoirí | **37** |
| Aguisín C – Dámhachtainí Cómhaoinithe an BTS | **47** |



Torthaí agus Tionchar in 2018
HRB
10,590
othar ag glacadh páirte i staidéir chliniciúla sa trí Áis Taighde Chliniciúil (ATC) de chuid an BTS
1,200
othar ailse earcaithe le haghaidh 122 triail chliniciúil ghníomhach de chuid Thrialacha Ailse na hÉireann
74,000
taifid bheo ar LINK
Oiliúint curtha ar
272
duine ó 100 seirbhís chun an Córas Tuairiscithe Náisiúnta ar Chóireáil Drugaí (CTNCD) a úsáid ar LINK
197
iarratas ar shonraí ó Chóras Náisiúnta um Eolas Sláinte (CNES) an BTS faighte agus freagairt tugtha orthu

**€44.7m**
bronnta (cómhaoiniú €10.4m san áireamh)

**3**
athbhreithniú fianaise déanta don Roinn Sláinte

**93**
dámhachtain thar raon 13 óstinstitiúid

**7**
n-alt a ndearnadh piarmheasúnú orthu foilsithe agus úsáid á baint as sonraí CNES an BTS

**€7.1m**
giaráilte ón scéim Fís 2020 le haghaidh 17 dtionscadal a bhaineann leis an tsláinte, agus dhá cheann díobh sin á dtreorú ag an tionscal

**399**
**staidéar cliniciúil** ar bun sna trí Áis Taighde Chliniciúil (ATC) atá ag an BTS

**9**
dtuarascáil an BTS foilsithe

tacaíodh le
**228**
post taighde

# Tuarascáil an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh



**An tOll. Jane Grimson**
Cathaoirleach



**An Dr Darrin Morrissey**
Príomhfheidhmeannach

Tréimhse thábhachtach atá ann don taighde sláinte in Éirinn. Cruthaíonn Sláintecare comhaontú traspháirtí, mar aon le hardán don athrú sna seirbhísí sláinte; An aidhm atá le hÉirinn Shláintiúil ná feabhas a chur ar shláinte agus ar leas phobal na hÉireann; ag an am céanna tá béim níos mó á cur i gcónaí ar a thábhachtaí agus atá an fhianaise agus an chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise sa chúram sláinte agus i bpolasaí sláinte. Ina theannta sin, tá réimsí nua ag teacht chun cinn, amhail olltiomsú sonraí, digitiú agus géanómaíocht. Ba bhliain shuimiúil thráthúil í 2018 mar sin don bheirt againn dul isteach sa Bhord Taighde Sláinte mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach.

Chuaigh eitic oibre, obair foirne agus tiomantas na bhfostaithe san BTS, i measc rudaí eile, i bhfeidhm go mór orainn i dtosach báire, inár róil faoi seach. Is cuid lárnach na cáilíochtaí sin de chumas na heagraíochta na spriocanna uaillmhianacha atá leagtha amach ina straitéis a bhaint amach, straitéis darb ainm *Straitéis 2016–2020 an BTS Taighde. Fianaise. Gníomhú*. Ba mhaith linn baill foirne an BTS a mholadh as a n-obair chrua agus a dtiomantas i rith 2018. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an mBord as a thiomantas agus as a léargais choiteanna.

Trí bliana tar éis dúinn ár bplean, *Straitéis 2016–2020, Taighde. Fianaise. Gníomhú* a sheoladh, tá an-dul chun cinn déanta ag an BTS maidir lena phríomhchuspóirí agus lena phríomhaidhmeanna a bhaint amach. Rinne an eagraíocht dul chun cinn suntasach i rith 2018 i roinnt réimsí tábhachtacha a bhaineann leis an taighde sláinte.

## Ceannaireacht sa taighde sláinte

Is léir go náisiúnta agus ar fud na hEorpa araon go bhfuil ceannaireacht agus tionchar an BTS ag éirí níos follasaí. In Éirinn, bhí an BTS ar thús cadhnaíochta tionscnamh, tionscnaimh a bhain leis an taighde oscailte, le hionracas taighde, agus le páirt a bheith ag an bpobal agus ag othair sa taighde. Rinneamar príomhfhianaise a sholáthar a thacaigh leis an gcinnteoireacht maidir le sraith gníomhartha i Sláintecare agus sa straitéis Éireann Sláintiúla. Chomh maith leis sin, rinneamar an chéad Fhóram Náisiúnta Drugaí in Éirinn a óstáil i gcomhpháirt le hAonad Polasaí Drugaí na Roinne Sláinte.

San Eoraip, bhí poist cheannaireachta againn arís i ngrúpaí polasaí taighde i réimsí amhail ionracas taighde, bithbhaincéireacht, taighde oscailte agus leigheas pearsantaithe. Tá impleachtaí móra acu siúd go léir do thaighdeoirí Éireannacha agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh Éire in ann a tuairim a chur in iúl go hidirnáisiúnta. D'éirigh linn freisin ballraíocht a fháil sa Ghréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach (ECRIN), rud a ligfidh d'othair bhreise ó Éirinn páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla ilnáisiúnta. Beidh sé níos éasca freisin ar thaighdeoirí ó Éirinn a dtrialacha a leathnú go hidirnáisiúnta agus cuirfear feabhas ar chaighdeán an chúraim d'othair.

## Taighde sláinte a sheachadadh agus tionchar an taighde sin

Is iad seo a leanas cuid de na príomhthionscnaimh arna seachadadh ag an BTS i rith 2018:

- Rogha dámhachtainí nua a mhaoiniú ar luach níos mó ná €44.7 milliún (cómhaoiniú san áireamh), atá ar aon dul lenár dtosaíochtaí straitéiseacha. Mar shampla:

# €44.7m

## chun tacú le 93 dámhachtain thar raon 13 óstinstitiúid

> Comhaltachtaí Iardhochtúireachta um Chur i bhFeidhm an Taighde sa Pholasaí agus sa Chleachtas
> Dámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí
> Dámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht

- Rannpháirtíocht a mhéadú inár gcóras nua ar líne um bailiúchán sonraí, LINK. Clár uaillmhianach is ea LINK agus dearadh é chun ár gceithre chóras náisiúnta um fhaisnéis sláinte a chomhtháthú agus chun sonraí a fháil ar líne ó sholáthraithe seirbhíse sna réimsí seo a leanas: míchumas coirp agus intleachtúil, síciatracht othar cónaitheach, cóireáil alcóil agus drugaí, agus básanna a bhaineann le drugaí
- Trí athbhreithniú fianaise a sheachadadh, agus sé mhionteagasc fianaise agus dhá chuardach litearthachta a chur i gcrích a thacaigh leis an bpróiseas cinnteoireachta sa Roinn Sláinte
- Céad ardán na hÉireann um fhoilsitheoireacht rochtana oscailte, Taighde Oscailte an BTS, a sheoladh
- Gairm nua ar scéim Urraíochta Comhdhálacha agus Imeachtaí a thabhairt isteach chun méadú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar ár dtacaíocht do chomhdhálacha, do sheimineáir agus d'imeachtaí taighde sláinte
- Láithreán gréasáin an BTS a athfhorbairt.

Bíonn tionchar díreach ag ár ngníomhaíochtaí ar thaighdeoirí, ar an gcóras taighde agus ar na seirbhísí sláinte, agus téann sé sin i bhfeidhm go dearfach ar gheilleagar na hÉireann. Go háirithe, mar chuid dár ngníomhaíocht um maoiniú taighde in 2018:

- Infheistíodh €44.7 milliún (cómhaoiniú san áireamh) chun tacú le 93 tionscadal taighde thar raon 13 institiúid a dhéanann taighde
- Tugadh tacaíocht do 228 post taighde
- Cabhraíodh le taighdeoirí Éireannacha breis is €7 milliún a ghiaráil ón scéim Fís 2020
- Ghlac 10,590 othar páirt in 399 staidéar cliniciúil in Áiseanna Taighde Chliniciúil (ATC) an BTS
- Cuireadh ar chumas 1,200 othar ailse clárú i gcomhair trialacha cliniciúla de chuid Thrialacha Ailse na hÉireann
- Rinneadh conairí gairme um thaighde sláinte a fhorbairt, a dhéanfaidh grúpa láidir taighdeoirí a sheachadadh de réir mar a thiocfaidh siad chun tosaigh. Leanfaidh na taighdeoirí sin de bheith ag obair i gcóras sláinte na hÉireann agus an córas sin á fheabhsú acu go fóill.

Thacaíomar le punann um maoiniú taighde atá ag éirí níos cothroime i gcónaí, le fás sna réimsí seo a leanas: sláinte an phobail agus an taighde sna seirbhísí sláinte. Rinneamar an-dul chun cinn freisin maidir le cothromaíocht inscne a áirithiú thar raon ár bpainéal idirnáisiúnta athbhreithnithe agus ár n-infheistíochtaí, agus tá cothromaíocht iontach inscne againn fós i measc fhaighteoirí na ndeontas. Thairis sin, is údar mór bróid dúinn a rá gur baineadh cothromaíocht inscne amach ar ár mBord in 2018, lena n-áirítear an chéad chathaoirleach baineann ar an BTS a bheith ceaptha ag an Aire Sláinte.

*Tá samplaí agus cásanna-staidéir eile a léiríonn an méid a baineadh amach i rith na bliana le feiceáil ar fud na tuarascála seo.*

## Comhpháirtíocht um thaighde sláinte

Thacaíomar lena lán tionscnamh i rith na bliana le linn dúinn a bheith ag obair i gcomhpháirt le maoinitheoirí eile agus le comhlachtaí eile a dhéanann taighde. Áirítear leis na tionscnaimh sin:

- Tionscnaimh náisiúnta chómhaoinithe an BTS le carthanachtaí taighde, le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn
- Tionscnaimh idirnáisiúnta cómhmhaoinithe an BTS le Wellcome Trust, le Fulbright, le hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte na SA (US National Institutes of Health) agus le Rannóg T&F Sláinte agus Cúram Sóisialta Thuaisceart Éireann
- Bronnadh €2 mhilliún ar Evidence Synthesis Ireland chun tacú le forbairt na hacmhainne thar raon leathan teicnicí sintéise fianaise ar bhonn trasteorann (chuir Tuaisceart Éireann maoiniú €0.5 milliún ar fáil)
- Tacaíodh leis an Roinn Sláinte nuair a bunaíodh rúnaíocht don Choiste um Dhearbhú Tola maidir le Taighde Sláinte nua agus nuair a forbraíodh treoirlínte don phobal taighde maidir leis na Rialacháin um Thaighde Sláinte 2018
- Comhóstáladh an chéad Fhóram Náisiúnta Drugaí le hAonad Polasaí Drugaí na Roinne Sláinte
- Tugadh sonraí faoi staid na cóireála drugaí in Éirinn don Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí
- Oibríodh i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun an cháilíocht agus sábháilteacht na n-othar a fheabhsú agus a fhorbairt trí thionscadail taighde spriocdhírithe

## Forbairtí sa todhchaí

Ag féachaint chun cinn, díreoimid fós ar thaighde, ar chórais faisnéise agus ar fhianaise d'ardchaighdeán a sheachadadh, a rachaidh i bhfeidhm go dearfach ar shláinte an duine, ar chúram na n-othar agus ar sheachadadh na seirbhíse sláinte in 2019. Chomh maith leis sin, beimid tiomanta go mór don taighde a chur ag croílár an chórais sláinte.

Beidh sé mar phríomhaidhm na heagraíochta in 2019 tosú ar phlean nua straitéiseach an BTS 2021–2025 a fhorbairt. Agus dul chun cinn á dhéanamh againn, táimid ag tnúth lena bheith ag obair i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara um thaighde sláinte.

**An tOll. Jane Grimson**
**Cathaoirleach**

**An Dr Darrin Morrissey**
**Príomhfheidhmeannach**

## Léargas ar ghníomhaíochtaí an BTS i rith 2018



Tacú le taighde i measc carthanachtaí leighis

### €2.9m le haghaidh 13 thionscadal nua

Taighde ar phróitéiní céastúnaigh, traenáil ard-déine eatramhach chun bisiú ón ailse, agus nanacháithníní óir chun troid in aghaidh ailse an éasafagais: is iad seo cuid de na tionscadail a d'fhógair an Bord Taighde Sláinte (BTS) agus Grúpa na gCarthanachtaí do Thaighde Leighis (GCTL) in 2018.

### Chuaigh Éire isteach sa Ghréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach

D'íoc an BTS as ballraíocht na hÉireann sa Ghréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach (ECRIN). Ligfidh sé seo d'othair bhreise ó Éirinn páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla ilnáisiúnta. Beidh sé níos éasca freisin ar thaighdeoirí ó Éirinn a dtrialacha a leathnú go hidirnáisiúnta agus cuirfear feabhas ar chaighdeán an chúraim agus ar shábháilteacht na n-othar.





### €7.1m

ab ea an maoiniú a fuair taighdeoirí sláinte ó Éirinn in 2018 faoin scéim Fís 2020. Fuair Éire maoiniú €59.6 milliún ó thús na scéime Fís 2020. Is é sin 2.1% de bhuiséad iomlán taighde na scéime.

### D'fhoilsigh an BTS staitisticí faoi mhíchumais intleachtúla, míchumais choirp agus míchumais chéadfach

Cuireann na figiúirí béim ar riachtanais neamhchomhlíonta agus ar éilimh mhéadaithe sa todhchaí ar sheirbhís a sholáthar dóibh siúd a bhfuil míchumas intleachtúil, coirp agus/nó céadfach orthu.

### D'fhoilsigh an BTS na figiúirí is déanaí faoin gcóireáil drugaí in Éirinn

Thaispeáin na figiúirí cóireála drugaí ón BTS gur cuireadh cóireáil ar 63,187 duine as úsáid na ndrugaí (gan alcól a chur san áireamh) in Éirinn idir 2010 agus 2016. Cuireadh cóireáil ar 8,806 dhuine in 2010 i gcomparáid le 9,227 nduine in 2016.

Tháinig méadú don tríú bliain as a chéile ar líon na ndaoine ar cuireadh cóireáil orthu as úsáid an chócaoin. Ba iad codlaidínigh an druga fabhtach ba mhó arís eile. Tháinig méadú ar bheinsidhé-asaipíní mar an druga fabhtach ba mhó agus mar dhruga breise fabhtach araon.

## Cóireáil alcóil in Éirinn 2010 go dtí 2016



# 53,763

## CÁS

## 7,643 in 2016

De réir an Dr Darrin Morrissey, Príomhfheidhmeannach, an BTS:

'Tá an t-alcól ina phríomhchúis fós le cóireáil a chur ar dhaoine in Éirinn maidir le drugaí fabhtacha. Soláthraíonn na treochtaí atá leagtha amach sa tuairisc seo dea-fhianaise a dhéanann eolas don pholasaí agus a úsáidtear chun seirbhísí um chóireáil alcóil a phleanáil'.

# €2m

## Dheonaigh an BTS an tsuim seo mar infheistíocht uile-oileáin chun cur leis an gcumas maidir le cinnteoireacht atá treoraithe ag fianaise.

Tá maoiniú €1.5 milliún faighte ag Evidence Synthesis Ireland ón BTS agus €500,000 ó Rannóg Taighde agus Forbartha na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann.

De réir an Dr Darrin Morrissey, Príomhfheidhmeannach an BTS:

'Tacóidh an infheistíocht seo... le príomhghníomhaíocht i *dtuairisc Sláintecare*, agus tarraingíonn sé seo aird ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh an fhianaise ag croílár na gnáthchinnteoireachta thar raon chóras na sláinte'.

# Infheistíodh €752 milliún

## i dtaighde a bhaineann le sláinte idir na blianta 2011 agus 2015

D'fhoilsigh an BTS an chéad thuarascáil Éireannach ar chaiteachas náisiúnta ar an taighde sláinte in Éirinn do na cúig bliana ó 2011 go dtí 2015.

De réir an Dr Maura Hiney, Ceannasaí na hIardhámhachtana agus an Mheasúnaithe san BTS agus príomhúdar na tuarascála:

'Tá bonnlíne againn anois chun anailís treochtaí a dhéanamh sa todhchaí ar an infheistíocht i dtaighde sláinte in Éirinn agus is féidir linn an bhonnlíne sin a úsáid chun tionchair athruithe ar straitéis taighde agus forbartha an Rialtais, ar an gcaiteachas, a rianú'.



#

D'fhoilsigh an BTS sonraí mionsonraithe faoi othair shíciatracha isteach agus amach le haghaidh 2017

## An chéad Fhóram Náisiúnta Drugaí

D'eagraigh an BTS agus an Roinn Sláinte an chéad Fhóram Náisiúnta Drugaí. Féachtar leis an bhFóram dea-chleachtas a chur chun cinn dóibh siúd atá ag obair sna seirbhísí andúile; eolas a mhalartú; agus bearnaí eolais a aithint.



An Dr Brigitte Manteuffel, Georgia Health Policy Centre (GHPC), Catherine Byrne, TD, an Dr Darrin Morrissey, an BTS agus an Dr Karen Minyard, GHPC.

## I dtaighde ar thacaigh an BTS leis, cuireadh béim ar an méadú ollmhór atá tagtha ar leibhéil aigéad úrach na n-othar in Éirinn

Rinneadh staidéar ar bhreis is 128,000 othar sa chóras sláinte in Éirinn agus fuair na taighdeoirí amach gur tháinig méadú 21% ar leibhéil aigéad úrach na n-othar thar thréimhse naoi mbliana.

De réir an Oll. Stack, Ceannasaí Leighis an Fhorais sa Scoil Leighis Iontrála do Chéimithe, Ollscoil Luimnigh agus Neifreolaí Comhairleach, Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, 'baineann ardleibhéil aigéad úrach le galair thromchúiseacha, lena n-áirítear ardbhrú fola, diaibéiteas, galar duáin, taomanna croí agus strócanna'.



D'infheistigh an BTS

# €5.8m

i gcláir nua oiliúna do thaighdeoirí sláinte. Beidh na cláir sna réimsí meabhairshláinte óige, díobháil inchinne iarbhreithe, cúram daoine scothaosta agus ilghalracht i suímh chúraim phríomhúla.



## Na Rialacháin um Thaighde Sláinte 2018 agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí

Chruthaigh an BTS treoir mhionsonraithe do thaighdeoirí agus chuir sé Rúnaíocht ar bun chun tacú leis an gCoiste um Dhearbhú Tola maidir le Taighde Sláinte, a cheapfaidh an tAire Sláinte.



## Rinne an BTS comparáid idir an staid drugaí in Éirinn agus an staid drugaí sa chuid eile den Eoraip

Chuir an BTS na sonraí Éireannacha ar fáil don *Tuarascáil Eorpach ar Dhrugaí 2018.*

Nuair a oibrímid le tíortha eile ar fud na hEorpa, cabhraíonn sin linn tuiscint níos fearr a fháil ar mhargaí drugaí agus ar na treochtaí atá ag teacht chun cinn. Caithfimid amhlaidh a dhéanamh chun an dochar a bhaineann le húsáid drugaí a laghdú agus chun cuir chuige a fhorbairt a thacóidh go héifeachtach le téarnamh.




## Tacaíocht do thrialacha cliniciúla

De réir staitisticí arna n-eisiúint ag Comhordú um Thaighde Cliniciúil na hÉireann an BTS (CTCÉ an BTS) ar Lá Idirnáisiúnta na dTrialacha Cliniciúla 2018, bhí 237 suíomh trialach oscailte in 2018. Ní raibh ach 134 suíomh trialach oscailte in 2014, nuair a bunaíodh CTCÉ an BTS.



## Thacaigh an BTS le hoiliúint a chur ar na chéad mhaoirseoirí sonraí FAIR in Éirinn

Sheol an BTS agus ocht gcomhpháirtí (An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Trialacha Ailse na hÉireann) 15 dhuine chuig an Ísiltír chun go gcuirfí oiliúint orthu mar na chéad mhaoirseoirí sonraí FAIR (Infhaighte, Insroichte, Comh-inoibritheach, Ath-inúsáidte) in Éirinn.



Duais á bronnadh ar Thomas Hayes ag an Dr Sarah Craig, an BTS.

## Bhuaigh dearadh comhla croí duais an BTS ag Taispeántas na nEolaithe agus na dTeicneolaithe Óga BT

Rinne Thomas Hayes, mac léinn sa séú bliain i gColáiste Yeats sa Ghaillimh, croí bréige a dhearadh, agus chomhlíon an croí sin caighdeán Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO) do chomhla croí ionaid.

Meascán cliste d'fháinní cruach dosmálta agus d'fhíochán buaibheach atá i gceist lena ghléas fréamhshamhla agus d'fhéadfadh costas níos lú a bheith air ná na roghanna tráchtála atá ar fáil faoi láthair. Chomh maith leis sin, tá an chomhla níos solúbtha ná na dearaí reatha agus d'fhéadfadh sí a bheith i bhfad níos oiriúnaí do na hothair.




Cuireadh i láthair in eagrán nua *Health Research in Action* roinnt bealaí ina bhfuil an taighde sláinte ag dul i bhfeidhm go dearfach ar shláinte an duine agus ar na seirbhísí sláinte.




D'fhoilsigh an BTS ceithre eagrán de Drugnet Ireland.

D'fhoilsigh an BTS trí athbhreithniú fianaise don Roinn Sláinte.

Dúnadh dhá cheann de bhunachair shonraí um míchumas an BTS in 2018, an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil agus an Bunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Coirp agus Céadfach, agus tosaíodh ag obair ar chóras nua cumaiscthe: Córas Náisiúnta na dTacaíochtaí Cumais (CNTC).

Bhí an Dr Sarah Craig, an BTS, ina comhúdar ar pháipéar taighde a foilsíodh in *Journal of Applied Research in Intellectual Disabilities*, 'Irish persons with intellectual disability moving from family care to residential accommodation in a period of austerity' (Daoine Éireannacha faoi mhíchumas intleachtúil á mbogadh ó chúram teaghlaigh chuig cóiríocht chónaithe i dtréimhse na déine). Fuarthas san anailís gur bogadh thart ar 200 duine in aghaidh na bliana ó chúram teaghlaigh chuig cóiríocht chónaithe idir na blianta 2009 agus 2014, agus gur tháinig laghdú 9% ar líon na spásanna cónaithe ar fáil go náisiúnta i rith na tréimhse sin.





Mhaoinigh an BTS ceithre Dhámhachtain um Thionchar Sláinte de chuid Fulbright agus an BTS chun tacú le saoránaigh Éireannacha, staidéar, taighde nó múinteoireacht a dhéanamh sna Stáit Aontaithe.



Bhí an Dr Therese Lynn, an BTS, ina comhúdar ar pháipéar taighde, 'Trends in injector deaths in Ireland, as recorded by the National Drug-Related Deaths Index, 1998–2014' (Treochtaí básanna insteallaire in Éirinn, arna dtaifeadadh san Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí, 1998–2014) agus foilsíodh an páipéar sin sa *Journal of Studies on Alcohol and Drugs*. Rinneadh 16,500 bás le drugaí in Éirinn a thaifeadadh san Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí idir 1998 agus 2014.

Tháinig laghdú ar úsáid breosla iontaise an BTS agus tá an figiúr sin 15% níos lú ná a sprioc ídithe fuinnimh de réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le haghaidh 2018. Tharla an laghdú sin de bharr athruithe beaga a chuir feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh.

Sheol an BTS a shuíomh gréasáin caighdeán-chomhlíontach nua, atá optamaithe freisin d'fhóin phóca, chun cur ar chumas daoine rochtain níos tapa a bheith acu ar an eolas atá uathu.



Thug an tOllamh Joel Selanikio an t-eochairléiriú ag Comhdháil Náisiúnta 2018 an BTS: Olltiomsú sonraí agus an tsláinte – na deiseanna agus na dúshláin atá le teacht.

Thug an BTS scéim nua um maoiniú comhdhálacha agus imeachtaí isteach, agus iarracht á déanamh aige a chur chuige maidir le hurraíocht a chuíchóiriú agus cumas a chruthú sa phobal taighde sláinte chun feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú agus chun an t-eolas a aistriú.

# 1


# Príomhspriocanna insroichte i gcomhréir le straitéis BTS 2016 – 2020

I Straitéis an BTS, 2016–2020 leagtar síos bealach soiléir maidir leis an méid a dhéanfaidh an eagraíocht i gcaitheamh na tréimhse sin.

Sa tuarascáil bhliantúil seo leagtar béim ar na príomhspriocanna a baineadh amach in 2017 i gcomhréir le cuspóirí na straitéise, agus taispeántar roinnt samplaí de na torthaí agus na héachtaí suntasacha sin.

**Fíor 1.**
**Gnéithe lárnacha straitéis 2016-2020 an BTS**

Is comhlántach agus idirspleách iad ár dtrí phríomhréimse fócais agus cumasóirí, agus díreoimid ar gach ceann díobh in éineacht i rith thréimhse na straitéise.




| RÉIMSE FÓCAIS | CUMASÓIR |
|---|---|
| **RÉIMSE FÓCAIS 1**<br>Díriú ar dhúshláin mhóra sláinte | **CUMASÓIR A**<br>Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla |
| **RÉIMSE FÓCAIS 2**<br>Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte | **CUMASÓIR B**<br>Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú |
| **RÉIMSE FÓCAIS 3**<br>Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann | **CUMASÓIR C**<br>Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú |

## Réimsí fócais

Agus muid mar phríomhghníomhaireacht náisiúnta taighde sláinte in Éirinn, tá sé mar fhreagracht orainn infheistíocht a dhéanamh sa saol amach anseo agus freastal ar riachtanais chóras sláinte an lae inniu. Tá smaointe iontacha mar bhonn le cuid mhaith den dul chun cinn sa chúram sláinte. Tá sainmhíniú déanta againn ar na trí réimse fócais chomhlántacha ar leith seo a leanas a mheasaimid a bheith ar na cinn is oiriúnaí leis an BTS agus a phobal a threorú i rith na tréimhse 2016-2020 agus ina dhiaidh sin:

- Déileáil le dúshláin mhóra sláinte.
- Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte.
- Déileáil le riachtanais taighde chóras sláinte agus cúram sóisialta na hÉireann.

## Téamaí cumasúcháin

Beidh dul chun cinn sna trí réimse fócais cumasaithe agus uasmhéadaithe le beartais agus gníomhartha a rachaidh i bhfeidhm ar na trí cinn acu go léir:

- Tacú leis na taighdeoirí agus ceannairí den chéad scoth atá de dhíth orainn chun taighde sláinte ardchaighdeáin a dhéanamh agus fianaise a chruthú.
- Timpeallacht láidir chumasúcháin a fhorbairt do thaighde sláinte in Éirinn agus cinntiú go bhfuil tuiscint againn ar thorthaí ár n-infheistíochtaí agus go léireoimid a dtionchar.
- Cinntiú go bhfuil ár mbeartais agus rialachas láidir agus go bhfuil siad bunaithe ar dhea-chleachtais.

# Réimse fócais 1

## Díriú ar dhúshláin mhóra sláinte

### Cuspóirí 2018:

- Tacú le taighde ardchaighdeáin atá á stiúradh ag imscrúdaitheoirí agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta.
- Deiseanna cómhaoiniúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in éineacht le gníomhaireachtaí agus institiúidí idirnáisiúnta.

### Príomhspriocanna a baineadh amach in 2018

- Tugadh 23 dámhachtain, ar luach €12.3 milliún, sa réimse fócais seo; bhain an comhoibriú idirnáisiúnta le 22 de na dámhachtainí sin.
- Rinneadh 13 dhámhachtain, ar luach €2.9 milliún, a chómhaoiniú faoin naoú Scéim Chómhaoinithe de chuid an BTS agus Ghrúpa na gCarthanachtaí do Thaighde Leighis (GCTL).
- Osclaíodh gairm ar Thionscadail atá á Stiúradh ag Imscrúdaitheoirí 2019 i mí Lúnasa 2018.
- Seoladh ionstraim nua mhaoinithe atá dírithe ar thaighde ar ghalar Parkinson i gcomhpháirt leis an gComhairle Leighis, bunaithe ar thiomnacht ón Uasal Patrick Quinn.
- Rinneadh dhá Dhámhachtain Imscrúdaitheora mhóra agus dhá Dhámhachtain Chothaithe, ar luach €2.6 milliún, a chómhaoiniú faoi chomhpháirtíocht taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, an BTS agus Wellcome.
- Faoi straitéis an BTS um rannpháirtíocht i dtaighde AE, ghlac an BTS páirt i gcúig ghairm thrasnáisiúnta in 2018. I measc na ngairmeacha sin bhí ceithre Thionscnamh Cláir Nasctha (TCNanna) – eadhon dhá ghairm sa Chomhchlár ar Ghalair Néaraimheathlúcháin (CCGN) agus dhá ghairm sa Chomhchlár ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha (CCFÁF) – mar aon le gairm amháin ar an Leigheas Pearsantaithe ar ERA-Net (ERA PerMed).
- Infheistíodh €1.2 milliún i sé dhámhachtain faoi chomhghairmeacha trasnáisiúnta a bhain leis an tsláinte agus le gnéithe cúram sóisialta an néaraimheathlúcháin, agus a bhain freisin leis an taighde trasnáisiúnta ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

Tugadh **23** dámhachtain, ar luach €12.3m, sa réimse fócais seo.

## Cás-Staidéar 1:

## Tacú le taighde i measc carthanachtaí leighis – €2.9 milliún i gcomhair 13 thionscadal nua



'Tugann an clár seo deis ar leith do charthanachtaí um thaighde leighis tacú leis an taighde a fhreagraíonn do riachtanais na n-othar. Cuireann an BTS cómhaoiniú ar fáil do na carthanachtaí, rud a d'fhéadfadh a mbuiséad taighde a dhúbailt'.

Is iad seo a leanas roinnt tionscadal a d'fhógair an BTS agus GCTL le déanaí: próitéiní céastúnaigh, traenáil ard-déine eatramhach chun bisiú ón ailse, nanacháithníní óir chun troid in aghaidh ailse an éasafagais, baictéir phutóige a d'fhéadfadh cur isteach ar an titimeas agus polaiméirí arna ngníomhachtú le solas chun ionfhabhtuithe a mharú.

Déileálfar sna 13 thionscadal taighde le riachtanais grúpaí othar ar leith agus rinneadh na tionscadail sin a dhámhachtain tríd an naoú Scéim Chómhaoinithe de chuid an BTS agus GCTL. Úsáideann 11 as 14 thionscadal físeáin ghearra chun na tionscadail a mhíniú.

Agus é ag labhairt faoi na dámhachtainí, dúirt an Dr Darrin Morrissey, Príomhfheidhmeannach an BTS:

'Tá roinnt smaointe iontacha ar na dámhachtainí nua taighde seo. Is léir ó chlisteacht an taighde, agus an tionchar a bheidh aige ar shaol an duine, go bhfuil sé fíorthábhachtach cultúr taighde sláinte a chruthú ag croílár na seirbhísí sláinte'.

De réir an Dr Avril Kennan, Príomhfheidhmeannach GCTL:

'Tugann an clár seo deis ar leith do charthanachtaí um thaighde leighis tacú leis an taighde a fhreagraíonn do riachtanais na n-othar. Cuireann an BTS cómhaoiniú ar fáil do na carthanachtaí, rud a d'fhéadfadh a mbuiséad taighde a dhúbailt'.

Dúirt an Dr Caitriona Creely, Bainisteoir Clár an BTS, freisin:

'Tugann Scéim Chómhaoinithe an BTS agus GCTL deis don BTS obair a dhéanamh le carthanachtaí agus tacú leis an taighde sármhaith atá ábhartha do na hothair, idir thuiscint a fháil ar chúis an ghalair, leigheas a chuardach agus cúram a chur ar fáil do na daoine aonair agus do theaghlaigh a gcuireann fadhbanna sláinte isteach orthu go laethúil'.

Ritear an scéim gach dhá bhliain ar an meán.

## Cás-Staidéar 2:

# Tuiscint ar ghalair neamhchoitianta agus a gcóireáil a athrú

Tá taighde, polasaithe agus cleachtas cliniciúil á gcumasc ag an Ollamh Eileen Treacy agus í ag iarraidh saol na ndaoine a bhfuil galair neamhchoitianta orthu a fheabhsú. Is mian léi go ndéanfaí infheistíocht níos mó sa réimse tábhachtach seo in Éirinn, réimse ina mbíonn cúram speisialaithe ag teastáil go minic.

In ainneoin a n-ainm, níl na galair seo neamhchoitianta ar bhonn carnach. Tá 6% ar a laghad den daonra Eorpach ag fulaingt leis na mílte galar neamhchoitianta aitheanta, lena n-áirítear suas le 300,000 duine in Éirinn.

Míníonn an tOllamh Treacy 'Cé go bhfuil galair éagsúla ar na hothair seo, is minic gur galair ainsealacha dhíblithe a bhíonn iontu. Teastaíonn cúram cliniciúil speisialaithe ildisciplíneach ó na hothair sin, mar aon le cúram síceasóisialta agus taighde, rudaí nach mbíonn ar fáil go minic nó nach bhfuil fáil éasca orthu, go háirithe i dtíortha beaga, mar shampla in Éirinn'. Tá an tOllamh Treacy ina Ceannaire Cliniciúil ar an gClár Náisiúnta Cliniciúil um Ghalair Neamhchoitianta agus ina Lia Comhairleach Meitibileach in Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple agus in Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae.

Tá sí ag déanamh taighde i láthair na huaire ar an bhfadhb shláinte ó bhroinn, galachtóiséime. Sa chás sin, déantar dochar d'orgáin leanaí nuabheirthe mar gheall ar an siúcra bainne (galachtós) a bhíonn ina n-aiste bia.

De réir an Ollaimh Treacy 'Déantar leanbh amháin as 16,000 leanbh nuabheirthe in Éirinn a dhiagnóisiú le galachtóiséime gach bliain'. 'Thaispeáin staidéir ónar ngrúpa go bhfuil breis is leath de na hothair in Éirinn le galachtóiséime buailte le haimhréidheanna tromchúiseacha, in ainneoin na scagthástála ar leanaí nuabheirthe agus an galachtós cothaithe a bheith srianta'.

Mhúscail sé sin spéis an Ollaimh agus thug sí faoi chlár taighde a bhí dírithe ar an othar. Thacaigh an BTS, GCTL agus Foras Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple leis an gclár i dtosach báire.

Ba é an gnáthchleachtas ná an galachtós ar fad a bhaint den aiste bia, rud a chuirfeadh cosc ar an gcliseadh ae i leanaí. In ainneoin na cóireála seo, bíonn fadhbanna sláinte suntasacha ag go leor othar, fadhbanna amhail deacrachtaí intleachtúla, mínormáltachtaí cainte agus an neamhthorthúlacht i mná.

Bhí an tOllamh Treacy i gceannas ar fhoireann in Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple, in éineacht leis an Ollamh Pauline Rudd agus an Dr Peter Doran sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus rinne an fhoireann sin scrúdú ar bhithcheimic na ndaoine leis an bhfadhb shláinte sin. D'fhorbair an fhoireann clárlann othar don ghalachtóiséime agus rinneadh anailís ar bhithcheimic agus ar ghéinitic na n-othar mar chuid dá dtionscadal arna mhaoiniú ag an BTS.

D'fhorbair siad tástálacha nua chun an chaoi a bhfreagraíonn coirp na n-othar don ghalachtóiséime a mhonatóiriú, agus tá Ionad Náisiúnta na Neamhord Meitibileach ó Bhroinn ag úsáid na teicneolaíochta sin chun daoine fásta a bhfuil an fhadhb shláinte acu a mhonatóiriú agus an galachtós ina n-aiste bia á athrú acu.

Chuir an taighde, arna mhaoiniú ag an BTS, le treoirlínte leasaithe idirnáisiúnta na galachtóiséime. Rinneadh comhobair freisin le Gréasán Galachtóiséime na hEorpa (GalNet) (ar a bhfuil an tOllamh Treacy ina Comhchathaoirleach) mar thoradh ar an taighde, agus forbraíodh clárlann idirnáisiúnta. Tá an tOllamh Tracey ag tabhairt faoi chomhobair nua anois leis an Dr Peter Doran agus le himscrúdaitheoirí eile Eorpacha sa ghréasán seo chun taighde a dhéanamh ar theiripí nua don ghalachtóiséime.

Chuir an taighde, arna mhaoiniú ag an BTS, le treoirlínte leasaithe idirnáisiúnta na galachtóiséime.

# Réimse fócais 2

## Tacú le hidirghabhálacha cúram sláinte

### Cuspóirí 2018:

- Tacú le dearadh, déanamh agus measúnacht staidéar idirghabhála.
- An comhordú, na meicníochtaí cumasaithe agus na comhair náisiúnta/idirnáisiúnta a éascú a fheabhsaíonn méid, cáilíocht, ábharthacht agus tionchar trialacha agus staidéar idirghabhála in Éirinn.

### Príomhspriocanna a baineadh amach in 2018

- Tugadh 15 dhámhachtain, ar luach €11.9 milliún, sa réimse fócais seo.
- Infheistíodh €7.6 milliún in 11 Dhámhachtain um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht (DIDInna). Tá na dámhachtainí sin deartha chun taighde a spreagadh i réimse na dtrialacha agus na n-idirghabhálacha cliniciúla agus chun píblíne taighde a chruthú a d'fhéadfadh a bheith mar idirghabhálacha ar scála iomlán amach anseo.
- Tugadh 11 dhámhachtain i gcomhpháirt le Rannóg Sláinte agus Cúram Sóisialta na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann faoi ghairm INTERREG VA an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh trialacha trasteorann um idirghabháil cúram sláinte.
- Tugadh Dámhachtain eile um Maoiniú Deistreoraithe, ar luach €600,000, a bhain le cosc ar strócanna. D'eascair an dámhachtain sin as an gclár INTERREG VA, agus mhaoinigh an BTS agus Rannóg Sláinte agus Cúram Sóisialta na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann í.
- Soláthraíodh €187,000 thar dhá bhliain chun tacú le gníomhaíochtaí Ghréasán Altraí Taighde na hÉireann. Cumasaíonn an príomhghrúpa seo trialacha cliniciúla in Éirinn.
- Rinneadh athbhreithnithe eatramhacha ar an gceithre Ghréasán Trialacha Cliniciúla atá ag BTS – sláinte imbhreithe, cúram príomhúil, cúram criticiúil agus stróc – a fuair maoiniú in 2014. Is cleachtaí substaintiúla iad sin sa mhaoirseacht dámhachtana chun cabhrú le déanamh cinnte go leantar le hinfheistíocht atá chomh mór sin (beagnach €9.8 milliún) agus go mbaintear luach ar airgead aisti.

**€11.9m**

Tugadh 15 dhámhachtain, ar luach €11.9m, sa réimse fócais seo.

## Cás-Staidéar 3:

# Ag cur le Treoirlínte Náisiúnta Cliniciúla don diaibéiteas cineál 1



Is sampla nithiúil é seo d'aidhm straitéiseach an BTS á baint amach, eadhon, cabhrú leis an lucht ceaptha polasaithe, le pleanálaithe seirbhíse agus le soláthraithe cinntí a dhéanamh atá treoraithe ag an bhfianaise.

Foireann taighde ildisciplíneach is ea Léirmheasanna an Chomhoibrithe in Éirinn don Éifeachtúlacht Chliniciúil an BTS (LCÉÉC an BTS) agus faigheann sí tacaíocht ó bhaill foirne an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, ó Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn agus ó shaineolaithe cliniciúla agus modheolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bunaíodh é seo chun an éifeachtúlacht chliniciúil chórasach, na léirmheasanna ar an litríocht eacnamaíoch, agus an anailís ar thionchar buiséad a sheachadadh, atá riachtanach le haghaidh na dtreoirlínte atá á gcur chun tosaigh ag an gCoiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil.

Oibríonn an fhoireann agus Grúpaí Forbartha Treoirlínte as lámha a chéile chun déanamh cinnte gur féidir obair LCÉÉC an BTS a úsáid mar bhonn eolais do mholtaí atá bunaithe ar fhianaise. Fuair LCÉÉC an BTS maoiniú €2.25 milliún don tréimhse 2017 go dtí 2021.

D'fhoilsigh LCÉÉC an BTS dhá léirmheas in 2018 a chuir le Treoirlínte Náisiúnta Cliniciúla don *Diabetes mellitus daoine fásta cineál 1 (Treoirlíne Náisiúnta Chliniciúil Uimh. 17)*. D'fhoilsigh an Coiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Chliniciúil é seo i mí an Mheithimh 2018. Foilsíodh na léirmheasanna mar dhá iarscríbhinn a bhaineann leis an bpríomhthuarascáil, 'Iarscríbhinn 1 – Léirmheas ar fhianaise eacnamaíoch' agus 'Iarscríbhinn 2 – Anailís ar thionchar an bhuiséid'.

Is iad seo a leanas cuid de na príomhathruithe a dhéanfar ar sheachadadh seirbhíse mar thoradh ar an tuarascáil:

1. Soláthrófar ar leibhéal náisiúnta clár ardchaighdeáin struchtúrtha oideachais d'othair chun cur ar chumas na ndaoine a bhfuil diaibéiteas cineál 1 orthu a ndiaibéiteas agus na rudaí seachtracha a d'fhéadfadh cur isteach ar a leibhéil glúcós fola, amhail strus agus aclaíocht, a bhainistiú
2. Déanfar an t-iarchúram othair i gclinicí diaibéitis a chaighdeánú, agus na hothair á nglaoch ar ais gach sé mhí ar a laghad, agus
3. Reáchtálfar cúrsaí gearra do bhaill foirne a thugann cúram do dhaoine in Éirinn a bhfuil diaibéiteas cineál 1 orthu.

De réir an Dr Mairead O'Driscoll, Stiúrthóir na Straitéise Taighde agus an Mhaoinithe, BTS:

'Is sampla nithiúil é seo d'aidhm straitéiseach an BTS á baint amach, eadhon, cabhrú leis an lucht ceaptha polasaithe, le pleanálaithe seirbhíse agus le soláthraithe cinntí a dhéanamh atá treoraithe ag an bhfianaise'.

## Cás-Staidéar 4:

## Íocfaidh an BTS as ballraíocht na hÉireann sa Ghréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach

D'fhógair an BTS in 2018, le tacaíocht ón Roinn Sláinte, go n-íocfadh sé as ballraíocht na hÉireann sa Ghréasán Bonneagair um Thaighde Cliniciúil Eorpach (ECRIN). Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) is ea ECRIN. Ligfidh sé seo d'othair bhreise ó Éirinn páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla ilnáisiúnta. Beidh sé níos éasca freisin ar thaighdeoirí ó Éirinn a dtrialacha a leathnú go hidirnáisiúnta agus cuirfear feabhas ar chaighdeán an chúraim agus ar shábháilteacht na n-othar.

Bhí an BTS i dteagmháil le ECRIN le blianta fada anuas agus mhol sé don Roinn Sláinte ballraíocht a ghlacadh ann. Rinne an Roinn Sláinte cás ar son na ballraíochta do Rialtas na hÉireann agus tugadh cead ansin don BTS an bhallraíocht a chur chun cinn. Cuireadh tús leis an bpróiseas foirmiúil iarratais in 2018 agus rinneadh ballraíocht na hÉireann a dhaingniú i ndeireadh na bliana 2018.

Ag labhairt dó tráth an fhógra, dúirt an Dr Darrin Morrissey, Príomhfheidhmeannach an BTS:

'Cuirimid fáilte roimh chinneadh an Rialtais. Is cinneadh é a chuirfidh an taighde sláinte agus cúram na n-othar in Éirinn chun cinn. Bainfidh sochair, amhail rochtain ar thrialacha agus infhaighteacht cóireálacha nua d'othair, leis an gcinneadh. Tabharfaidh sé rochtain freisin do thaighdeoirí in Éirinn ar rogha uirlisí agus seirbhísí ar fud na hEorpa a chuirfidh feabhas ar sheachadadh trialacha, agus beidh sé níos éasca a dtrialacha féin a leathnú go hidirnáisiúnta'.

Beidh rochtain iomlán ag taighdeoirí in Éirinn ar uirlisí agus seirbhísí uile ECRIN, mar shampla ullmhú trialacha, athbhreithniú prótacal, bainistiú trialacha, deimhniú ionad sonraí, tionscadail forbartha acmhainní, agus trialacha lena dtacaíonn ECRIN.

Dúirt an tAire Sláinte, Síomón Ó hEarcaí, TD:

'Tá trialacha cliniciúla ag croílár an choisc, an diagnóisithe agus chóireáil na ngalar níos fearr. Cé gur féidir roinnt trialacha a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta, tá trialacha eile ann ina mbíonn gá le rochtain ar líon mór othar agus le comhoibriú thar raon ionad agus tíortha. Tá cinneadh an lae inniu tábhachtach do na hothair atá in Éirinn faoi láthair agus d'othair na todhchaí, agus cuireann sé feabhas ar chlú na hÉireann mar áit inar féidir trialacha tionscail a dhéanamh. Spreagfaidh sé seo an t-athrú agus tiocfaidh feabhas ar thorthaí na n-othar dá bharr. Cuirfidh sé nuálaíocht, táirgiúlacht agus iomaíochas chun cinn chomh maith'.



'Spreagfaidh sé seo an t-athrú agus tiocfaidh feabhas ar thorthaí na n-othar dá bharr. Cuirfidh sé nuálaíocht, táirgiúlacht agus iomaíochas chun cinn chomh maith'.

# Réimse fócais 3

## Díriú ar riachtanais taighde chóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann

### Cuspóirí 2018:

- Tacú le taighde a dhíríonn ar cheisteanna bainteacha náisiúnta don chleachtas cliniciúil agus sláinte daonra agus do bhainistíocht seirbhísí sláinte, agus aistriú na dtorthaí taighde ina bpolasaí agus/nó ina gcleachtas.
- Sonraí ardchaighdeáin tráthúla bainteacha a chur ar fáil do pholasaí, pleanáil seirbhíse agus taighde trí Chórais Náisiúnta Eolas Sláinte an BTS (CNES).
- Gníomhaíochtaí sintéise fianaise agus aistrithe eolais a chur chun cinn agus tacú leo d'fhonn cabhrú le lucht ceaptha polasaithe, pleanálaithe seirbhíse agus soláthraithe cinntí atá treoraithe ag fianaise a dhéanamh.

### Príomhspriocanna a baineadh amach in 2018

- Tugadh 34 dámhachtain, ar luach €5.8m, sa réimse fócais seo. San áireamh ann bhí:
  - > €1.3 milliún a infheistiú inár scéim um Dhámhachtainí Comhpháirtíochta Feidhmí. Tugadh seacht ndámhachtain san iomlán in 2018, agus cómhaoiniú de €240,000 curtha ar fáil ag eagraíochtaí cúram sláinte.
  - > €2 mhilliún a thabhairt do Evidence Synthesis Ireland chun tacú le forbairt acmhainne thar raon leathan de theicnící um shintéis fianaise, ina measc athbhreithnithe córasacha Cochrane. Tugtar an dámhachtain seo ar bhonn trasteorann, agus maoiniú €500,000 á sholáthar ag Rannóg Taighde agus Forbartha Sláinte agus Cúram Sóisialta na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí i dTuaisceart Éireann.
  - > Athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar ár scéim dámhachtana um Chomhoibriú Taighde i gCáilíocht agus i Sábháilteacht na nOthar. Tá an scéim seo á reáchtáil i gcomhpháirt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn.
  - > €1.5 milliún a thabhairt do Shraith 4 den Fhordheontas um Míchumas Intleachtúil (FMI) de Staidéar Fadaimseartha na hÉireann um Dhul in Aois (SFÉDA).
  - > Tacú le 25 dámhachtain nua, ar luach beagnach €1 mhilliún, faoin Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais.
- Páirt a ghlacadh mar chomhpháirtí i dtionscadal rathúil AE faoin scéim Fís 2020, Eolaíocht leis an tSochaí agus ar a Son, chun nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin a fhorbairt ar mhaithe leis an ionracas taighde. Le rannpháirtíocht BTS, déanfar cinnte go mbeidh Éire in ann dul i bhfeidhm ar chlár oibre polasaí níos leithne an AE sa réimse sin, agus comhordú na gcleachtas um ionracas taighde Éireannach á gcinntiú san am céanna.
- Foilsíodh trí thuarascáil bhliantúla CNES de chuid an BTS.

## Tacaíodh le 25 dámhachtain nua faoin Scéim um Malartú agus Scaipeadh Eolais.

- Foilsíodh cúig fheasachán náisiúnta, gineadh cúig ghrafaic faisnéise agus rinneadh 45 tuarascáil ráithiúil ar tháscairí feidhmíochta chun eolas soiléir beacht a thabhairt le cabhrú leis an lucht ceaptha polasaithe agus le pleanálaithe seirbhíse.
- Críochnaíodh agus cuireadh isteach naoi n-alt irise phiarmheasúnaithe bunaithe ar shonraí CNES. Foilsíodh seacht gcinn in 2018 agus táthar ag súil leis go bhfoilseofar an dá alt eile i rith 2019.
- Oiliúint curtha ar 272 duine ó thart ar 100 seirbhís ar an gcóras LINK don Chóras Náisiúnta Tuarascála um Chóireáil Drugaí.
- Bailíodh sonraí thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Stiúrthóra Náisiúnta Dóiteáin agus Bainistíochta Éigeandála agus na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc.
- Rinne an BTS agus Aonad um Polasaí Drugaí agus um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Sláinte an chéad Fhóram Náisiúnta Drugaí bliantúil a óstáil i Staid Aviva i mí na Samhna 2018.
- Foilsíodh trí athbhreithniú fianaise, agus críochnaíodh sé fheasacht fianaise agus dhá chuardach liteartha.
- Foilsíodh ceithre eagrán de Drugnet Ireland.
- Rinne Leabharlann Náisiúnta Drugaí an BTS (drugsandalcohol.ie) cúig bhileog fíricí a nuashonrú, chuir sí feabhas feidhmiúil físiúil ar a boird idirghníomhacha chóireála, agus chinntigh sí go raibh fáil sa leabharlann phoiblí leictreonach ar na foilseacháin drugaí ar fad a eisíodh in 2018. Bhí 190,610 seisiún úsáideora ar an suíomh gréasáin agus thug 5,710 próifíl cuairt ar fhotha Twitter an BTS i rith 2018.
- Cuireadh sonraí ar fáil faoi staid na ndrugaí in Éirinn chun bonn eolais a chur faoi mhonatóireacht agus threochtaí na hEorpa ar aon dul le gealltanais chonarthacha don Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA).

**Cuireann Córais Náisiúnta Faisnéise Sláinte an BTS sonraí ardchaighdeáin, tráthúla agus ábhartha ar fáil do bheartas, pleanáil seirbhíse agus taighde.**

# Cás-Staidéar 5:

## Rinne an BTS agus Aonad um Polasaí Drugaí agus um Chuimsiú Sóisialta na Roinne Sláinte an chéad Fhóram Náisiúnta Drugaí a óstáil






D’fhreastail breis is 200 duine ar an bhFóram, lena n-áirítear cleachtóirí i seirbhísí um chosc agus cóireáil drugaí agus um laghdú dochair, tascfhórsaí áitiúla drugaí agus alcóil agus lucht ceaptha polasaithe sláinte.

Bhí `Pobail chleachtais a chruthú chun oibriú níos fearr le chéile’ ina théama fóraim. Féachadh leis an imeacht seo cumas na bpobal cleachtais atá ann cheana a neartú agus samplaí comhoibre a sholáthar thar raon na n-earnálacha reachtúla, pobail agus deonacha.

Agus an Fóram á oscailt aici, dúirt an tAire um Chur Chun Cinn na Sláinte agus um an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí, Caitríona Ní Bhroin, TD:

`Caithfimid oibriú le chéile chun na gníomhartha ón Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí a chur i bhfeidhm, agus is sampla iontach iad pobail chleachtais den chur chuige comhphháirtíochta sin. Beidh deis ag na toscairí atá anseo inniu a dtaithí a roinnt agus oibriú le chéile chun an polasaí a mhúnlú amach anseo’.

Chuir beirt saineolaithe idirnáisiúnta eochairléirithe i láthair: Labhair an Dr Karen Minyard ón Georgia Health Policy Center i Georgia State University faoin athbhreithniú fianaise ar dhédhiagnóisiú a rinne an t-ionad le déanaí agus mhínigh sí conas is féidir pobail chleachtais a úsáid chun an fhianaise a thiontú go héifeachtúil ina hobair phraiticiúil; agus scrúdaigh an tOllamh Harry Sumnall ó John Moores University, Learpholl, an bonn fianaise atá le hidirghabhálacha i réimse an choisc agus an ath-imeasctha shóisialta. Is scoláirí an bheirt acu a bhfuil clú agus cáil orthu ar fud an domhain agus a bhfuil an-taithí acu maidir le forbairt polasaithe agus aistriú eolais.

Bhí ceithre cheardlann ar siúl i ndiaidh na n-eochairléirithe:

- Tacú leis an obair choisc sa phobal
- Dédhiagnóisiú: úsáid a bhaint as an gcomhphháirtíocht agus piarthacaíocht mar acmhainní cóireála
- Ról an ath-imeasctha shóisialta sa téarnamh, agus
- Seirbhísí um laghdú dochair: teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí drugaí.

## Cás-Staidéar 6:

## Úsáid thánaisteach a bhaint as sonraí an BTS – luach breise a chur leis agus comhoibriú idir an BTS agus gníomhaireachtaí eile rialtais a chothú



Soláthraíonn córais faisnéise an BTS sonraí agus staitisticí príomha maidir le hothair shíciatracha isteach, maidir le cóireáil drugaí agus alcóil agus maidir le básanna le drugaí. Tá eolas iontu freisin faoi úsáid seirbhísí um míchumas agus éileamh todhchaíoch ar na seirbhísí sin.

De réir an Dr Hamish Sinclair, Stiúrthóir um Fhaisnéis agus um Fhianaise Sláinte an BTS, 'Tá a lán eolais sna tacair shonraí seo agus d'fhéadfaí iad a úsáid mar bhonn eolais do réimsí eile sláinte agus cúram sóisialta'.

'Mar shampla, úsáideadh sonraí ón mBunachar Sonraí Náisiúnta um Míchumas Intleachtúil i bpáipéar taighde in *Journal of Applied Research in Intellectual Disabilities*. Clúdaíonn teideal an pháipéir, 'Irish persons with intellectual disability moving from family care to residential accommodation in a period of austerity' gach eolas a theastaíonn uait faoin gcomhthéacs ginearálta sóisialta agus faoi na comhráite polasaí a bhféadfadh tionchar a bheith ag na sonraí orthu'.

'Úsáideadh sonraí an BTS sa pháipéar taighde seo chomh maith, a foilsíodh in 2018: 'Trends in injector deaths in Ireland, as recorded by the National Drug-Related Deaths Index, 1998–2014'.

'Foilsíodh an staidéar seo in *Journal of Studies on Alcohol and Drugs* agus ba é an chéad staidéar ina ndearnadh cur síos ar threochtaí básanna i measc úsáideoirí drugaí a rinne drugaí a instealladh tráth a mbáis nó timpeall an ama sin in Éirinn idir 1998 agus 2014. Soláthraíodh fianaise thurgnamhach san anailís agus is féidir leis an lucht ceaptha polasaithe an fhianaise sin a úsáid chun tacú le feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí cóireála drugaí, ar thionscnaimh um laghdú dochair agus ar straitéisí chun ródháileog a chosc d'úsáideoirí drugaí'.

Chomh maith leis sin, is féidir le sonraí an BTS cabhrú le gníomhaireachtaí eile Stáit a n-aidhmeanna straitéiseacha a chomhlíonadh.

Dúirt an Dr Sarah Craig, Ceannasaí Chórais Náisiúnta Eolas Sláinte an BTS:

'Thosaigh an BTS ag comhoibriú le hOifig Phaiteolaí an Stáit agus le Saotharlann an Stáit in 2018 chun anailís thánaisteach a dhéanamh ar na sonraí atá ann cheana san Innéacs Náisiúnta Básanna le Drugaí. Rinne siad taighde ar an dá réimse seo: básanna a bhain le cócaon agus básanna a bhain le réamhghabalain.

'Mar thoradh ar an obair atá á déanamh againn i gcomhar le saineolaithe i réimse na paiteolaíochta agus i réimse na tocsaineolaíochta, tá feabhas ag teacht ar úsáid na sonraí atá ann cheana agus táimid ag cur leis an taighde ar bhásanna a bhaineann le drugaí'.

'Thosaíomar freisin ag obair leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) in 2018. Soláthróidh an BTS sonraí faoi othair mhíchumais agus shíciatracha isteach don tsamhail réamh-mheastacháin ar úsáid cúram sláinte – samhail Hippocrates – arna forbairt anuraidh.

'Forbrófar réamh-mheastacháin daonra chuig 2030, bunaithe ar aois agus inscne, ag úsáid na sonraí sin agus bunófar réamh-mheastacháin maidir le héileamh agus caiteachais cúram sláinte chuig 2030 ar na réamh-mheastacháin daonra'.

Chomh maith leis sin, is féidir le sonraí an BTS cabhrú le gníomhaireachtaí eile Stáit a n-aidhmeanna straitéiseacha a chomhlíonadh.

# Cumasóir A

## Tacú le taighdeoirí agus ceannairí eisceachtúla

**€11m**

Tugadh 87 dámhachtain, ar luach €11m, faoi Chumasóir A.

### Cuspóirí 2018:

- Na daoine is fearr a mhealladh isteach i dtaighde sláinte trí thacú le cláir oiliúna PhD den scoth.
- Deiseanna a chur ar fáil d'fhorbairt gairme taighdeoirí iardhochtúireachta agus imscrúdaitheoirí éiritheacha.
- Obair a dhéanamh le hinstitiúidí ardoideachais, le Grúpaí Ospidéal agus le FSS chun ceannairí taighde sláinte a aithint agus a fhorbairt agus chun tacú leo.
- Obair a dhéanamh le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun oiliúint a éascú agus deiseanna a mhalartú a dhíríonn ar bhearnaí scileanna a réiteach.

### Príomhspriocanna a baineadh amach in 2018

- Tugadh 87 dámhachtain, ar luach €11 mhilliún, faoi Chumasóir A, ar aon dul lenár *gCreat um Ghairmeacha Taighde Sláinte agus plean gníomhaíochta 2016–2020*, arna fhoilsiú in 2016.
- Tacaíodh le 67 Scoláireacht Samhraidh do Mhic Léinn le maoiniú €200,000.
- Earcaíodh an dara grúpa dochtúirí nua chun páirt a ghlacadh i gclár oiliúna PhD do chliniceoirí mar chuid de Chlár um Oiliúint Acadúil Chliniciúil na hÉireann (OACÉ) (a bunaíodh i gcomhar le Wellcome) an BTS. Cuirfear oiliúint ar 40 cliniceoir idir 2016 agus 2021 faoin scéim.
- Infheistíodh €5.8 milliún i gceithre dhámhachtain faoi Chomhdhámhachtainí nua Dochtúireachta i dTaighde bunaithe ar Othair do ghrúpaí téamacha ina bhfuil meascán de ghairmithe cúram sláinte agus sóisialta agus taighdeoirí sláinte acadúla.
- Glacadh leis an ngrúpa deireanach de chúig ghrúpa ina raibh deich mac léinn PhD (50 mac léinn ar an iomlán) faoin gclár BTS darb ainm Oideachas Taighde um an Daonra Struchtúrtha agus um na Seirbhísí Sláinte. Tá na mic léinn PhD sin ag déanamh staidéir ar thaighde faoi shláinte an daonra agus faoi na seirbhísí sláinte (seisear díobh maoinithe ag an BTS agus ceathrar díobh féinmhaoinithe). Ceadaíodh infheistíocht bhreise de €2.5 milliún do na chéad thrí ghrúpa eile de mhic léinn PhD.
- Tugadh €2.5 milliún do na comhaltachtaí seo: deich gComhaltacht Iardhochtúireachta um Chur i bhFeidhm an Taighde sa Pholasaí agus sa Chleachtas agus Comhaltacht amháin um Ailse a Chosc.
- Tugadh an deis do cheathrar taighdeoirí BTS socrúcháin a ghlacadh ar feadh trí go sé mhí d'fhonn comhshaothair a fhorbairt le comhghleacaithe sna SA trí na Dámhachtainí um Thionchar Sláinte Fulbright-BTS.
- Seoladh an chéad bhabhta eile de Dhámhachtainí na nImscrúdaitheoirí Éiritheacha agus tabharfar na dámhachtainí sin in 2019.
- Rinneadh athbhreithnithe eatramhacha ar cheithre Dhámhachtain um Cheannairí Taighde a fuair maoiniú in 2015. Is cleachtaí substaintiúla iad sin sa mhaoirseacht dámhachtana chun cabhrú le déanamh cinnte go leantar le hinfheistíocht atá chomh mór sin (níos mó ná €5.7m) agus go mbaintear luach ar airgead aisti.

## Cás-Staidéar 7:

# €5.8 milliún le haghaidh ceithre chlár nua oiliúna do thaighdeoirí sláinte

Cuirfear oiliúint ar 18 nduine i rith na cúig bliana seo chugainn faoi na ceithre chlár nua seo. Is sna réimsí seo a leanas atá na cláir: meabhairshláinte óige, díobháil inchinne iarbhreithe, cúram daoine scothaosta agus ilghalracht i suímh chúraim phríomhúla a bhainistiú.

Foghlaimeoidh na taighdeoirí sláinte tacar mór scileanna, agus cuirfidh sé seo ar a gcumas leanúint ar aghaidh agus an taighde a chomhtháthú le cúram othair ina réimsí speisialaithe cliniciúla.

Dúirt an Dr Mairead O'Driscoll, Stiúrthóir na Straitéise Taighde agus an Mhaoinithe BTS, 'Táim muiníneach go mbeidh tionchar fadtéarmach ag na cláir nua oiliúna do thaighdeoirí ar chúram na n-othar'.

De réir an Dr Annalisa Montesanti, Bainisteoir Cláir, BTS:

Roghnaíodh na ceithre dhámhachtain rathúla seo mar go mbaineann cur chuige ciallmhar struchtúrtha le gach ceann díobh maidir le hoiliúint dochtúireachta a chur ar thaighdeoirí sláinte ina réimsí faoi leith.

Bhí naisc láidre acu le cúram a sheachadadh agus chuir siad leis na cláir agus na hionaid a bhí ann cheana féin, arna maoiniú ag an BTS. Bhí baint acu freisin le comhshaothair thrasdisciplíneacha agus idirearnála, agus leagadh béim mór iontu ar rannpháirteachas an phobail agus na n-othar'.

Forbraíodh scéim na gComhdhámhachtainí nua Dochtúireachta i dTaighde bunaithe ar Othair mar chuid de phunann Ghairmeacha Beatha an Taighde Sláinte. Féachtar leis an bpunann seo cur chuige comhordaithe a sholáthar maidir le taighdeoirí agus gairmithe sláinte san earnáil sláinte a oiliúint agus tacú leo ag gach céim dá ngairm bheatha. Ba iad seo a leanas na ceithre scéim:

1. Clár dochtúireachta i gceannaireacht mheabhairshláinte an ógra (Clár YouLead)

   Príomh-imscrúdaitheoir: An tOllamh Gary Donohoe, Ollscoil na hÉireann (OÉ), Gaillimh

   Méid na dámhachtana: €1.5 milliún

2. Cuibhreannas um Ghortú Inchinne Nuabheirthe na hÉireann

   Príomh-imscrúdaitheoir: An tOllamh Eleanor Molloy, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

   Méid na dámhachtana: €1.5 milliún

3. 'An Cúram Ceart': clár taighde chun an cúram sábháilte cuí a fheabhsú do dhaoine scothaosta in Éirinn

   Príomh-imscrúdaitheoir: An tOllamh Tom Fahey, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

   Méid na dámhachtana: €1.4 milliún

4. Ilghalracht choimpléascach sa chúram príomhúil a bhainistiú: clár oiliúna ildisciplíneach dochtúireachta


   Príomh-imscrúdaitheoir: An tOllamh Susan Smith, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

   Méid na dámhachtana: €1.4 milliún

Roghnaíodh na ceithre dhámhachtain rathúla seo mar go mbaineann cur chuige ciallmhar struchtúrtha le gach ceann díobh maidir le hoiliúint dhochtúireachta a chur ar thaighdeoirí sláinte ina réimsí faoi leith.

## Cás-Staidéar 8:

# Cealla imdhíonacha i scamhóga caiteoirí atá 'ró-thraochta' chun an eitinn a chomhrac





'Traochadh bithfhuinnimh' is ea an téarma a cheap taighdeoirí i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus in Ospidéal San Séamas, ar taighdeoirí iad arna maoiniú ag an BTS, chun a mhíniú cén fáth nach n-oibríonn cealla imdhíonacha na gcaiteoirí i gceart.

Míníonn an Dr Laura Gleeson, Comhalta Taighde arna mhaoiniú ag an BTS in Ospidéal San Séamas:

'I ndaoine sláintiúla, déanann cealla imdhíonacha sna scamhóga, ar a dtugtar macrafagaigh, cosán speisialta fuinnimh a chur ar siúl nuair a thagann siad ar bhaictéir ionracha, amhail eitinn. Tá an chuma ar an scéal gur lasc thábhachtach é seo chun cur ar chumas an choirp a chosaintí féin a úsáid chun an frídín a chomhrac agus a mharú.

'Sa tionscadal taighde seo chuireamar na macrafagaigh i scamhóga caiteoirí i gcomparáid le macrafagaigh i scamhóga daoine sláintiúla agus fuaireamar nach raibh mórán fuinnimh ag cealla imdhíonacha na gcaiteoirí chun an t-ionfhabhtú a chomhrac. Bhí an chuma ar an scéal go raibh 'macrafagaigh thraochta' ag na caiteoirí agus sin an fáth gur éirigh le heitinn greim a fháil ina scamhóga'.

Dúirt an tOllamh Joe Keane, Eolaí Cliniciúil an BTS agus údar sinsearach an pháipéir:

'Is iontach ar fad an toradh seo. Anois, más féidir linn bealach a aithint chun córais imdhíonachta na gcaiteoirí a neartú agus 'macrafagaigh thraochta' a chosc, beidh a gcórais imdhíonachta féin ábalta an eitinn a dhíothú.

'A bhuí leis an leigheas pearsantaithe nó cur chuige imdhíon-teiripe seo, ní gá drugaí nua a fhorbairt chun na baictéir a mharú. Bunaithe ar thaithí, tá a fhios againn go n-éiríonn baictéir frithsheasmhach in aghaidh na ndrugaí faoi dheireadh'.

Foilsíodh an páipéar, 'Cigarette Smoking Impairs the Bioenergetic Immune Response to *Mycobacterium tuberculosis* Infection' (Cuireann Caitheamh Toitíní Isteach ar an bhFreagairt Imdhíonachta Bithfhuinnimh don Ionfhabhtú *Mycobacterium tuberculosis)*, san *American Journal of Respiratory Cell and Molecular Biology* ar an 1 Samhain 2018.

Chuir an BTS agus Bord Ríoga Bainistíochta Ospidéil Chathair Bhaile Átha Cliath an maoiniú taighde ar fáil.

# Cumasóir B

## Timpeallacht láidir chumasúcháin a chruthú

### Cuspóirí 2018:

- Obair a dhéanamh leis an Roinn Sláinte agus le príomhpháirtithe leasmhara chun an clár oibre náisiúnta taighde a mhúnlú maidir le sláinte agus cúram sóisialta.
- Ceannaireacht a chur ar fáil chun athbhreithniú, déanamh agus rialachas an taighde a mhúnlú.
- Cur le, agus leas a bhaint as forbairtí idirnáisiúnta polasaí, rialála agus reachtaíochta a bhaineann le taighde sláinte agus cúram sláinte in Éirinn.
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar taighde chun feabhas, mais chriticiúil agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn tacú le réimsí fócais straitéiseacha an BTS agus leis an bpobal sláinte i gcoitinne.
- Tacú le taighdeoirí sláinte na hÉireann páirt a ghlacadh i bhFís 2020 agus i gcláir thaighde eile Eorpacha.

### Príomhspriocanna a baineadh amach in 2018

- Soláthraíodh maoiniú €3.4 milliún chun leanúint le gníomhaíochtaí Chomhordú Taighde Chliniciúil Éireann an BTS (CTCÉ an BTS) ar feadh trí bliana eile. Soláthraíonn an tionscnamh seo comhordú, tacaíocht agus treoracha do ghníomhaíochtaí i dtaca le trialacha cliniciúla in Éirinn.
- Cuireadh tús le dhá mheasúnú mhionsonraithe ar bhonneagar an taighde chliniciúil in Éirinn agus ar infheistíocht an BTS i gceannairí taighde sláinte (go háirithe Dámhachtainí na gCeannairí Taighde agus Dámhachtainí na nEolaithe Cliniciúla Éiritheacha) d'fhonn eolas a dhéanamh do ghairmeacha todhchaíocha sna réimsí sin.
- Cuireadh rannpháirtíocht an phobail agus na n-othar chun cinn (RPO) sa taighde. Chuimsigh sé sin:
  - > Obair a dhéanamh le cúig Dhámhachtain Ignite um RPO chun cur lena neartú acmhainneachta i gcomhair RPO sa taighde in institiúidí ardoideachais.
  - > Próiseas um athbhreithniú poiblí a sheachadadh do dhá scéim in 2018: na Dámhachtainí um Idirghabhálacha Deifnídeacha agus Indéantacht, agus na Comhaltachtaí Iardhochtúireachta um Chur i bhFeidhm an Taighde sa Pholasaí agus sa Chleachtas.
  - > Pleanáil a dhéanamh chun cur go mór le hathbhreithnithe poiblí in 2019, agus 144 iarratas chuig Tionscadail atá á Stiúradh ag Imscrúdaitheoirí á gclúdach go hiomlán.
  - > Na chéad bhaill RPO a chur ar phainéal roghnúcháin.
- Ról ceannaireachta a ghlacadh in Eolaíocht Oscailte in Éirinn trí roinnt tionscnamh a chur i bhfeidhm. Chuimsigh sé sin:
  - > Cathaoirleacht a dhéanamh ar leasú den pholasaí náisiúnta ar ionracas taighde (Ionracas a Chinntiú sa Taighde Éireannach) ar son an Fhóraim Náisiúnta ar Ionracas Taighde.
  - > Céad ardán na hÉireann um fhoilsitheoireacht oscailte taighde, Taighde Oscailte an BTS, a sheoladh i mí Eanáir 2018.
  - > Dhá imeacht oiliúna a rith chun feasacht a mhúscailt faoi shonraí taighde FAIR (Infhaighte, Insroichte, Comh-inoibritheach, Ath-inúsáidte).
  - > Cathaoirleacht a dhéanamh leis an Údarás um Ard-Oideachas ar an bhFóram Náisiúnta um Thaighde Oscailte (FNTO).
  - > Páirt a ghlacadh sa ghrúpa dréachtaithe do Chreat Náisiúnta ar an Athrú chuig Timpeallacht Taighde Oscailte, trí phróiseas leathan comhairliúcháin náisiúnta a eagrú.
- Leanúint ar aghaidh le próisis deontais an BTS a fheabhsú. Chuimsigh sé sin:
  - > Cothromaíocht inscne den scoth a bhaint amach maidir le:

    – Painéil roghnúcháin an BTS, le hionadaíocht 53% do mhná agus 47% d'fhir, agus

# 144

## Próiseas athbhreithnithe phoiblí a reáchtáil ar bhonn píolótach in 144 iarratas maoinithe don scéim um Thionscadail atá á Stiúradh ag Imscrúdaitheoirí.

– Rátaí ratha iarratasóra; d'éirigh le 29% d'iarratasóirí ban agus le 28% d'iarratasóirí fir.

> A bheith ina bhall gníomhach den fhóram domhanda um maoinitheoirí faoin meirge `Luach sa Taighde a Chinntiú'. Ligeann an Fóram do bhaill dea-chleachtas a fhorbairt i réimsí éagsúla, idir ábhar gairme a roghnú agus aschuir agus torthaí a thuairisciú.

- Tuarascáil a fhoilsiú dar teideal *Health Research in Ireland: A study of activity from 2011 to 2015 using the Health Research Classification System* (Taighde Sláinte in Éirinn: Staidéar gníomhaíochta ó 2011 go dtí 2015 agus úsáid á baint as Córas Aicmithe an Taighde Sláinte). Rinneadh anailís sa tuarascáil sin ar shonraí maoinithe sláinte ó sheacht gcinn de ghníomhaireachtaí Éireannacha agus ó dhá Roinn Rialtais maidir leis an gcineál gníomhaíochta taighde agus leis na réimsí galair a dtacaítear leo.
- Obair a dhéanamh ar thionscnamh chun an polasaí bainistíochta um shonraí taighde ar fud na hEorpa a ailíniú mar chuid den Mheitheal Oibre Science Europe ar Shonraí Taighde.
- Ballraíocht na hÉireann ar Chlár Sláinte Poiblí an AE a dhearbhú tríd an Roinn Sláinte, rud a thugann deis do thaighdeoirí Éireannacha tabhairt faoi thaighde sláinte atá ábhartha do pholasaí agus do chleachtas.
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar an gCuibhreannas Idirnáisiúnta um Leigheas Pearsantaithe (ICPerMed), cuibhreannas de chomhlachtaí maoinithe AE arna bhunú ag an gCoimisiún Eorpach faoin gclár Fís 2020.
- Cur le gné na sláinte in *Ireland's Preliminary Views on the 9th EU Framework Programme for Research and Innovation* (Réamhdhearcaí na hÉireann ar an 9ú Clár Réimse AE um Thaighde agus um Nuálaíocht).
- Tugadh tacaíocht do thaighdeoirí Éireannacha chun dul san iomaíocht do mhaoiniú AE:

> Rinne taighdeoirí Éireannacha €7.1 milliún a ghiaráil ó chláir Fís 2020.

> Chuaigh 17 dtionscadal Éireannacha san iomaíocht chun maoiniú a fháil i nDúshlán Sláinte Fís 2020, agus taighdeoirí Éireannacha ina gcomhpháirtithe. Ar na príomhghnéithe áirítear:

– An BTS a bheith ina chomhpháirtí rathúil in dhá thionscadal, tionscadal ERA-Net chun tacú le plean straitéiseach Chomhchlár an Taighde ar Ghalair Néaraimheathlúcháin, agus tionscadal eile um Chómhaoiniúchán Chomhchlár Eorpach na nGalar Neamhchoitianta.

– Taighdeoirí Éireannacha a bheith ina gcomhpháirtí i dtrí as na deich dtionscadal arna maoiniú sa réimse cúram maolaitheach, agus maoiniú €1.4 milliún á fháil ag Éirinn.

– Níos mó ná €1.6 milliún a bheith tarraingthe síos ag Geraldine Leader, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh i gcomhair tionscadail ar chur chuige comhtháite um bitheolaíocht ilome córas chun bithchomharthaí a aithint don leigheas pearsantaithe agus ar mhaithe le cosc príomhúil ar neamhord de chuid speictream an uathachais.

– FSS a bheith ina chomhpháirtí rathúil le hIonad na hÉireann um Bainistíocht Éigeandála i dtionscadal chun cibear-rioscaí in ospidéil agus in ionaid chúraim a mheas agus a laghdú, d'fhonn príobháideacht, sonraí agus bonneagair a chosaint.

– Maoiniú beagnach €1.6 milliún a bheith faighte ag cúig chuideachta Éireannacha.

## Cás-Staidéar 9:

## D’infheistigh Éire €752 milliún i dtaighde a bhaineann le sláinte idir 2011 agus 2015

D’fhoilsigh an BTS an chéad thuarascáil Éireannach ar chaiteachas náisiúnta ar an taighde sláinte in Éirinn do na cúig bliana ó 2011 go dtí 2015.

De réir an Dr Maura Hiney, Ceannasaí an Iardhámhachtana agus an Mheasúnaithe sa BTS agus príomhúdar na tuarascála:

> ‘Tá bonnlíne againn anois chun anailís treochtaí a dhéanamh sa todhchaí ar an infheistíocht i dtaighde sláinte in Éirinn agus is féidir linn an bhonnlíne sin a úsáid chun tionchair athruithe ar straitéis taighde agus forbartha an Rialtais, ar an gcaiteachas, a rianú’.

Sholáthair seacht ngníomhaireacht náisiúnta mhaoinithe (Fiontraíocht Éireann (FÉ), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), an BTS, an Chomhairle um Thaighde in Éirinn (CTÉ) Foras na Mara (FM), Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) agus Teagasc) agus dhá Roinn Rialtais (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ)) sonraí don anailís.

De réir an Dr Darrin Morrissey, Príomhfheidhmeannach an BTS: `Déantar a lán airgid phoiblí a infheistiú i dtaighde sláinte in Éirinn, agus baineann sochair mhóra shochaíocha agus eacnamaíocha leis seo. Faigheann an taighde sláinte maoiniú óna lán foinsí agus is spéisiúil an méid airgid atá á thabhairt ag comhpháirtithe cómhaoinithe nach comhpháirtithe poiblí iad don chiste náisiúnta poiblí, agus cé na comhpháirtithe sin’.

**Na Príomhthorthaí**
Tugadh 1,513 dámhachtain taighde sláinte ar an iomlán, ar luach beagáinín níos mó ná €752 milliún, idir na blianta 2011 agus 2015. Thacaigh na dámhachtainí sin le taighde lena lán cuspóirí difriúla:

- Cur lenár n-eolas agus tuiscint ar an tsláinte agus ar ghalair
- Cúram sláinte agus seirbhísí a fheabhsú, an bonn fiontair a neartú
- An cumas le haghaidh taighde sláinte d’ardchaighdeáin agus an saineolas ina leith a mhéadú, agus
- Fianaise a ghiniúint lena húsáid mar bhonn eolais don pholasaí agus don rialú.

Fuair an taighde ailse agus neoplasmaí an sciar is mó den mhaoiniú sláinte (€93.1 milliún; 21%) agus sholáthair na gníomhaireachtaí rannpháirteacha ar fad, seachas FM, an maoiniú sin. Tá sé seo ag teacht leis na torthaí ó anailísí comhchosúla sa Ríocht Aontaithe agus san Iorua, áiteanna inar tugadh an sciar is mó den mhaoiniú iomlán don ailse agus do neoplasmaí freisin.

Is iad seo a leanas na catagóirí sláinte eile inar soláthraíodh maoiniú suntasach: ionfhabhtú (11%), néareolaíocht (11%), béil agus gastraistéigeach (9%), cardashoithíoch agus stróc (10%), meabhairshláinte (7%), agus sláinte atáirgthe agus breith clainne (6%).

Thacaigh beagnach ceathrú den mhaoiniú iomlán €209 milliún le bonneagar, gréasáin agus ardáin a fhorbairt a chumasaíonn an taighde a bhaineann le sláinte.

Cómhaoiniú ab ea €100 milliún den chiste iomlán.



## Cás-Staidéar 10:

**An BTS ag tacú le ráthaíocht maidir leis an tsláinte i gclár Fís 2020 an AE, 2014 – 2018**

# €60m

Laistigh de chúig bliana, **TÁ BEAGNACH €60 MILLIÚN FAIGHTE AG TAIGHDEOIRÍ ÉIREANNACHA.**

**1,000**

Líon na dtaighdeoirí Éireannacha a bhfuil cabhair faighte acu uainn chun iarratas a dhéanamh ar an maoiniú AE (100 comhordaitheoir san áireamh).

Fuair taighdeoirí Éireannacha 2.1% de bhuiséad foriomlán sláinte an AE.

**2.1%**

**74**

Ag tacú le 74 tionscadal, idir ailse agus olltiomsú sonraí.

## TÁ TAIGHDEOIRÍ ÉIREANNACHA I GCEANNAS AR OCHT DTIONSCADAL A CHUMHDAÍONN

**13** THÍR

**39** INSTITIÚID AGUS

**27** CUIDEACHTA AGUS TÁ SIAD AG TACÚ LE

**200+** POST TAIGHDE.

# Cumasóir C

## Feidhmíocht eagrúcháin a fheabhsú

### Cuspóirí 2018:

- Timpeallacht oibre ardfheidhmíochta a chinntiú agus í bunaithe ar nuálaíocht, inoiriúnaitheacht agus obair foirne.
- Cinnteoireacht thrédhearcach agus chuntasach atá bunaithe ar an eolas is fearr atá ar fáil a chumasú.
- Cinntiú go bhfuil córais agus próisis an BTS láidir, solúbtha agus inscálaithe.
- Aithint luach taighde sláinte agus ról náisiúnta agus idirnáisiúnta an BTS a fheabhsú.

### Príomhspriocanna a baineadh amach in 2018

- Óstáladh Comhdháil Náisiúnta an BTS 2018: Olltiomsú sonraí agus an tsláinte, a d'fhéach ar na dúshláin agus deiseanna atá ag teacht chun cinn sa réimse seo in Éirinn.
- Tugadh isteach scéim nua um maoiniú comhdhálacha agus imeachtaí d'fhonn cur chuige an BTS maidir le hurraíocht a chuíchóiriú agus cumas a chruthú sa phobal taighde sláinte chun feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú agus chun an t-eolas a aistriú.
- Seoladh ardán bogearraí, OneTrust, atá bunaithe ar an néal agus a sholáthraíonn deais lárnach ar féidir í a úsáid chun gnéithe uile an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) leasaithe a bhainistiú, amhail comhlíonadh fianán, tuairisciú ar sháruithe sonraí agus nósanna imeachta um iarratais rochtana ag daoine is ábhar do na sonraí.
- Rinneadh ocht Measúnú Tionchair um Chosaint Sonraí ar na córais BTS a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil.
- Tháinig laghdú ar úsáid breosla iontaise na heagraíochta; tá an BTS 15% faoi bhun sprioc ídithe fuinnimh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann le haghaidh 2018. Tharla an laghdú sin de bharr athruithe beaga a chuir feabhas ar an éifeachtúlacht fuinnimh.
- Seoladh suíomh gréasáin caighdeán-chomhlíontach nua atá optamaithe d'fhóin phóca chun cur ar chumas daoine an t-eolas atá uathu a fháil níos tapa.
- Rinneadh athbhreithniú agus cuireadh feabhas ar phleanáil gnó agus ar mheicníochtaí tuairiscithe an BTS chun freastal ar riachtanais bhaill foirne an BTS, an Bhoird agus na Roinne Sláinte, agus freisin d'fhonn cinnteoireacht a fheabhsú agus déanamh cinnte go mbaintear an leas is fearr as acmhainní.
- Iarracht a dhéanamh, creat a bhunú um dianseasmhacht níos fearr i measc fostaithe, plé le fostaithe agus feidhmíocht fheabhsaithe trí thionscnaimh amhail clár Forbartha Pearsanta agus Eagraíochta (FPE) an BTS agus níos mó béime ar thionscnaimh um oiliúint eagraíochta.

# Cás-Staidéar 11:

## Comhdháil Náisiúnta an BTS 2018 – Olltiomsú sonraí agus an tsláinte




D'fhreastail breis is 200 duine ar Chomhdháil Náisiúnta an BTS 2018: Olltiomsú sonraí agus an tsláinte, a tionóladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 27 Samhain 2018.

Chuir foireann láidir cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ó chúlraí éagsúla brí agus anam san ábhar. Rinne an méid a bhí le rá acu eolas don díospóireacht léirsteanach, a raibh Miriam O'Callaghan ina cathaoirleach uirthi, agus féachadh ar chothromaíocht a aimsiú idir an t-olltiomsú sonraí, gnó ar an mórscála agus an phríobháideacht.

Thug Andre Dekker, Ollamh na hEolaíochta um Shonraí Cliniciúla, Ollscoil Maastricht, an méid seo faoi deara: 'Ní bacainní teicniúla atá ar an olltiomsú sonraí, ach bacainní eiticiúla, polaitiúla nó riaracháin'.

An Dr Joel Selanikio, POF Magpi agus Ollamh Cúnta na Péidiatraice ag Ospidéal Ollscoile Georgetown, a thug an t-eochairléiriú, 'Ár n-intinn a oscailt do chumas an olltiomsaithe sonraí'. Chuimsigh an léiriú sin an dá léargas seo a leanas:

'Tá saineolas saor na hintleachta saorga (IS) ag teacht chuig an tsláinte agus an cúram sláinte. Tiocfaidh athrú ar an gcleachtas cliniciúil dá bharr agus aistreofar sciar níos mó den tsláinte – agus den taighde sláinte – ón gcúram sláinte traidisiúnta'.

'Is féidir féachaint ar ghníomhaíochtaí san earnáil mhiondíola faoi láthair chun todhchaí an chúraim sláinte a fheiceáil. Tá tuilleadh sonraí ag daoine ar a ngléasanna pearsanta féin agus is féidir leas a bhaint as na sonraí sin chun a riachtanais sláinte a thuar, díreach cosúil leis an gcaoi inár féidir le Amazon do chuid spéiseanna a thuar bunaithe ar an bpróifíl atá agat leo'.

Ba phríomhthéama na gcainteoirí ná go bhfuil a lán deiseanna ann chun sonraí sláinte a úsáid go sábháilte d'fhonn an tsláinte a fheabhsú agus an cúram sláinte a chur chun cinn.

I measc na bpríomhchainteoirí bhí:

- An tOllamh Jean-Christophe Desplat, Stiúrthóir Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil agus OÉ, Gaillimh
- An Dr Howard Johnson, Ceannasaí Cliniciúil um Fhaisnéis Sláinte, FSS
- An tOllamh Andre Dekker, Ollamh na hEolaíochta um Shonraí Cliniciúla, Ollscoil Maastricht, agus
